

Margadh - Grúpa daoine a d'fhéadfadh táirge a cheannach. Spriocmhargadh - Grúpa daoine ar a bhfuil an táirge dírithe.

An Meascadh Margaíochta - Táirge

Seo an earra críochnaithe atá le díol le custaiméirí. Bíonn Gné Uathúil Dhíolacháin (USP) aige.

Dearadh Táirgí

Caithfidh an táirge a bheith úsáideach, tarraingteach, éasca le stóráil agus éasca le húsáid.

Brandáil

Féadfaidh an gnólacht cinneadh a dhéanamh a chuid táirgí a bhrandáil. Cabhraíonn an bhrandáil le táirgí a dhéanamh níos aitheanta, cabhraíonn sé le dílseacht tomhaltóirí a fhorbairt agus cuireann sí íomhá ardchaighdeán chun cinn. D'fhéadfadh roinnt brandaí 'féinbhranda' a dhéanamh. Tá siad eisiach don ghnólacht agus ní dhíoltar iad in áit ar bith eile. Is gnách go mbíonn siad seo i bhfad níos saoire le ceannach agus le déanamh.

Pacáistiú

Déanann pacáiste maith an táirge a chosaint, cuireann sé tomhaltóirí ar eolas faoina bhfuil sa bhosca, tugann sé eolas tábhachtach agus meallann sé custaiméirí.

Saolré Táirge

Baineann gnólachtaí úsáid as an tsamhail seo le cinntí a dhéanamh a bhaineann le fógraíocht, le margaíocht, le forbairt agus le promóisean.

An Meascadh Margaíochta - Praghas

Cineálacha Praghsála

- Costas Breise
- Marcáil suas - cuirtear céatadán leis an bpraghas.
- Uachtarpraghsáil - praghas ard ag an tús.
- Idirdhealú praghsanna - praghsanna difriúla a ghearradh i margaí éagsúla.
- Praghsáil chreachach - praghsanna an-íseal a ghearradh chun fáil réidh leis an iomaíocht.
- Praghsáil fódaíthe - praghas íseal chun sciar den mhargadh a fháil.

An Meascadh Margaíochta - Áit

Tagraíonn sé seo don bhealach a dtugtar an t-earra don chustaiméir. Tugtar 'na bealaí dáileacháin' air seo freisin. Is féidir an t-earra a dhíol go díreach leis an tomhaltóir, is féidir mórdhíoltóir a úsáid, is féidir gníomhairí a úsáid, nó is féidir miondhíoltóirí a úsáid.

An Meascadh Margaíochta - Promóisean

Promóisean Díolachán

Bíonn dreasachtaí i gceist anseo chun an custaiméir a mhealladh leis an táirge a

cheannach. Mar shampla, is féidir samplaí in aisce a thabhairt amach, sladmhargadh ‘3 ar phraghas 2’ a dhéanamh nó cúpóin a thabhairt amach.

Margaíocht Dhíreach

Is éard atá i gceist le margaíocht dhíreach ná nuair a bhailítear faisnéis maidir le tomhaltóirí féideartha agus déanann an gnólacht teagmháil leo go díreach in iarracht chun an táirge a dhíol. Is minic a thugtar 'dramhphost' air seo.

Caidreamh Poiblí (PR)

Is éard atá i gceist leis seo íomhá phoiblí mhaith a chruthú don chuideachta. Is féidir le hOifigeach Caidreamh Poiblí cabhrú le cuideachta é seo a bhaint amach. Coinníonn an tOifigeach seo íomhá mhaith don chuideachta trí phreasagallaimh a reáchtáil le fadhbanna a phlé, trí urraíocht a dhéanamh ar imeachtaí éagsúla agus trí airgead a bhronnadh ar charthanachtaí.